An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0011/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna

## 1. Réamhrá

1.1 Tugann an Nóta Faisnéise seo fógra d'fhostóirí faoi leasú ar an Scéim Saoire do Thuismitheoirí mar atá i gCiorclán 0027/2013 dar teideal 'Scéimeanna Saoire do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'.

## 2. Teidlíocht ar Shaoire do Thuismitheoirí

Le héifeacht ón 8 Eanáir 2024, tá CRS i dteideal uasmhéid de 26 seachtaine Saoire do Thuismitheoirí i leith gach linbh suas go dtí 16 bliana d'aois, le héifeacht ó dháta an Nóta Faisnéise seo. Roimhe seo, bhí teidlíocht 26 seachtaine Saoire do Thuismitheoirí ar fáil i leith gach linbh suas go 13 bliana d'aois, nó 16 bliana d'aois i gcás linbh faoi mhíchumas agus/nó le tinneas fadtéarmach. Ba chóir don CRS iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí a chur faoi bhráid a f(h)ostóra ar a laghad 6 seachtaine roimh an dáta tosaithe atá beartaithe.

## 3. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta / de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear gach cúntóir riachtanais speisialta atá fostaithe agat ar an eolas faoi seo, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

3.2 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Múinteoirí/CRSanna - Téarmaí & Coinníollacha**

**20 Samhain 2023**